



**An Roinn Oideachais
agus Scileanna**
Department of
Education and Skills

PRÍOMHGHNÉITHE DE BHUISÉAD 2020: OIDEACHAS AGUS SCILEANNA

Nóta Faisnéise

An Roinn Oideachais agus Scileanna

9 Deireadh Fómhair 2019

Buiséad 2020 de réir na bhfigiúirí

€11.1 Billiún

An buiséad a bheidh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna sa bhliain 2020 – an buiséad is mó a leithdháileadh uirthi riamh

71,473

An líon múinteoirí sa chóras oideachais – méadú de 581 post ar an bhfigiúr don bhliain 2019 agus an líon is airde riamh

17,000

An líon cúntóirí riachtanas speisialta a bheidh ag obair sa chóras oideachais sa bhliain 2020, ar méadú de níos mó ná 1,000 post é ar an bhfigiúr don bhliain 2019

1,300

An líon áiteanna nua a sholáthrófar i ranganna speisialta sa bhliain 2020

3,000

An líon áiteanna nua ardoideachais a sholáthrófar i réimsí eochairscileanna le tacaíocht ón Tionscnamh Caipitil Dhaonna

20,000

An daonra printíseach a mheastar a bheidh ann ag deireadh na bliana 2020, ar daonra é atá dhá oiread an lín sa bhliain 2016 – le tacaíocht ón gCiste athchóirithe Náisiúnta Oiliúna

8,000

An líon tuartha rannpháirtithe a dtacófar leo uas-sciliú tríd an gclár Scileanna ar mhaithe le Dul Chun Cinn de chuid na mBord Oideachais agus Oiliúna faoi dheireadh na bliana 2020 – le tacaíocht ón gCiste athchóirithe Náisiúnta Oiliúna

69,000

An líon daoine a mheastar a bheidh páirteach i gcláir Skillnet Ireland sa bhliain 2020 – le tacaíocht ón gCiste athchóirithe Náisiúnta Oiliúna

30,000

An líon áiteanna scoile a sholáthrófar le thart ar 60 tionscadal scoile a bhainfidh céim na tógála amach sa bhliain 2020


Forbhreathnú ar an mBuiséad

An Roinn Oideachais agus Scileanna Leithdháileadh Comhlán – Buiséad 2020	
Caiteachas reatha comhlán (Stáitchiste)	€9,586 mhilliún
Caiteachas caipitil comhlán	€922 mhilliún
An Ciste Náisiúnta Oiliúna (gan an Tionscnamh Caipitil Dhaonna a áireamh)	€560 milliún
An Tionscnamh Caipitil Dhaonna	€60 milliún
Leithdháileadh comhlán iomlán foriomlán (bunfhigiúr)	€11,128 milliún
Laethanta pá breise (ar bhonn aonuaire sa bhliain 2020)	+ €57 milliún, a fhágann go mbeidh an figiúr foriomlán cothrom le €11,185m

Infheistíocht i gcóras oideachais agus oiliúna atá forchéimnitheach agus cothromasach

Is é an aidhm atá le Buiséad 2020 leanúint leis an uaillmhian atá leagtha amach sa doiciméad Cumasú, an Ráiteas Straitéise ón Roinn, a chomhlíonadh, is é sin, córas oideachais agus oiliúna a sholáthar atá forchéimnitheach agus cothromasach agus a bhfuil de chumhacht aige saolta a bhunathrú chun feabhais - tosaíonn an bunathrú sin ar leibhéal an duine aonair agus bogann sé amach ansin chun dul i bhfeidhm ar bhaill teaghlaigh, ar an bpobal agus ar an tsochaí.

Beidh an leithdháileadh comhlán caiteachais ar an Roinn Oideachais agus Scileanna don bhliain 2020 cothrom le níos mó ná €11.1 billiún¹, figiúr atá €361 mhilliún (3.4%) níos airde ná an tsuim a leithdháileadh ar an Roinn don bhliain 2019 san Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe. I gcomparáid leis an mbliain 2015, leithdháilfear thart ar **€2 billiún sa bhreis** ar an oideachas sa bhliain 2020 (féach an chart thíos).




¹ Ní áirítear leis seo an caiteachas breise aonuaire a soláthraíodh do laethanta pá breise sa bhliain 2020

Scoileanna agus Oideachas Speisialta

An líon múinteoirí agus déimeagrafaic

Méadófar an líon iomlán post teagaisc faoi 581 cheann faoi dheireadh na bliana 2020. Tiocfaidh 153 cinn de na poist sin ón déimeagrafaic thuartha, mar atá leagtha amach san Athbhreithniú Caiteachais ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar na tosca atá taobh thiar de chaiteachas pá i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna². Beidh 937,000 dalta san iomlán ag gabháil don oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile faoin am sin.



Sceidil soláthar foirne i scoileanna beaga

Mar chuid de na bearta leanúnacha atá ar bun chun scoileanna beaga a chothú agus a neartú, lena n-áirítear i gcomhthéacs an tsiompóisiam comhairliúcháin ar scoileanna beaga a thionóil an Roinn i mí an Mheithimh, feabhsófar an sceideal foirne i scoileanna beaga faoi phointe amháin (scoileanna ina bhfuil múinteoir amháin go ceathrar múinteoirí) ó mhí Mheán Fómhair 2020 (meastar go mbeidh 20 post teagaisc i gceist).

Cistiú scoile

Méadófar an chaipitíocht scoile do gach scoil faoi 2.5% eile ó mhí Mheán Fómhair 2020. Méadófar rátaí caipitíochta breisithe faoi 7.5% ó mhí Mheán Fómhair 2020. Cuirfear cistiú breise ar fiú €1 milliún é ar fáil do bhunscoileanna chun leabhair scoile a cheannach, agus fógrófar tuilleadh mionsonraí faoi sin in am is i dtráth. Déanfar dul chun cinn i dtreo an bhearna i gcistiú sna hearnálacha difriúla iar-bhunscoile a chothromú tríd an asbhaint deontais tuarastail scoile a laghdú faoi 20%. Chomh maith leis sin, tabharfar tacaíocht do phobalscoileanna, do scoileanna cuimsitheacha agus do scoileanna Boird Oideachais agus Oiliúna rúnaithe agus airígh a earcú mar a leanas:

² <https://assets.gov.ie/7300/8864a9009a5549fc9c9a4a7d3515678a.pdf>

- **Airígh:** ceadófar do scoileanna a bhfuil 700 dalta nó níos mó ar an rolla acu folúntais airígh a líonadh ar choinníoll go bhfuil níos lú ná beirt airíoch acu.
- **Rúnaithe:** ceadófar do scoileanna a bhfuil idir 500 dalta agus 625 dhalta ar an rolla acu folúntais rúnaí a líonadh ar choinníoll go bhfuil níos lú ná 1.5 rúnaí acu agus ceadófar do scoileanna a bhfuil idir 626 dhalta agus 699 ndalta ar an rolla acu folúntais a líonadh ar choinníoll go bhfuil níos lú ná dhá phost rúnaí líonta acu.

Ceannaireacht scoile

Tacófar leis an lucht ceannaireachta scoile i 1,760 scoil ach lá scaoilte amháin sa bhreis a thabhairt do phríomhoidí teagaisc, mar atá leagtha amach thíos.

Laethanta scaoilte do Phríomhoidí Teagaisc		
Méid na Scoile	An líon reatha laethanta scaoilte	Ó mhí Mheán Fómhair 2020 amach
Príomhoide + 5/6	30	31
Príomhoide + 3/4	24	25
Príomhoide + 0/1/2	18	19

Cistiú socrúcháin Ghaeltachta do mhúinteoirí faoi oiliúint ar leibhéal na bunscoile Déanfar cistiú do shocrúcháin Ghaeltachta a athbhunú do mhúinteoirí faoi oiliúint atá ag gabháil don bhunoideachas tosaigh múinteoirí a gcistíonn an Stát é.

Oideachas speisialta

Leantar le hinfheistíocht a dhéanamh san oideachas speisialta mar ábhar tosaíochta agus, sa bhliain 2020, leithdháilfear thart ar aon chúigiú de bhuiséad reatha iomlán na Roinne ar an soláthar riachtanas speisialta.

Leithdháilfear 1,064 phost sa bhreis mar chúntóir riachtanas speisialta, a fhágfaidh go mbeidh níos mó ná 17,000 cúntóir riachtanas speisialta ann sa bhliain 2020. Tacóidh sé sin leis an tsamhail nua um Chuimsiú Scoile a chur i bhfeidhm, lena n-áireofar modheolaíocht nua leithdháilte do scoileanna príomhshrutha sa scoilbhliain 2020/21. Cinnteoidh sé sin go bhfaighidh daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu na tacaí cuí ag an am cuí agus tacóidh sé le háiteanna nua a sholáthar i ranganna speisialta freisin.

Soláthrófar 408 bpost mar mhúinteoir oideachais speisialta do na nithe seo a leanas:

- **An soláthar oideachais speisialta i scoileanna nua agus i scoileanna i mbéal forbartha**
- **Scoileanna speisialta**
- **1,300 áit nua i ranganna speisialta**

Scrúduithe stáit

Tabharfar leithdháileadh méadaithe do Choimisiún na Scrúduithe Stáit. Ar an mbealach sin, beidh cistiú ar fáil do na bearta a thug an Coimisiún isteach chun dlús a chur leis an bpróiseáil achomharc in aghaidh torthaí Ardteistiméireachta, lena n-áireofar scrípteanna scrúdaithe a mharcáil ar líne. Cabhróidh an leithdháileadh freisin le freastal ar chostais na mbeart nua a tugadh isteach d'iarrthóirí Ardteistiméireachta a gailleann duine muinteartha leo timpeall ar na scrúduithe.

Ardoideachas agus Breisoideachas agus Oiliúint

Infheistíocht a mhéadú san Ardoideachas, sa Bhreisoideachas agus Oiliúint agus i Scileanna chun tacú le caipiteal daonna na hÉireann

Tá caipiteal daonna na hÉireann ar cheann de na croíláidreachtaí eacnamaíocha atá againn agus tá sé ar cheann de na príomhthosca atá taobh thiar dár bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha amach anseo. Nuair a dhéantar infheistíocht san ardoideachas agus sa bhreisoideachas agus oiliúint, áiríthear an soláthar eochairscoilteanna don gheilleagar agus don tsochaí, tugtar deiseanna uas-scilithe agus athscilithe do dhaoine aonair, éascaítear teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán i raon suíomhanna, cumasaítear don chóras oideachais agus oiliúna freagairt don athrú teicneolaíoch agus tacaítear le teagasc agus nuálaíocht inár n-institiúidí. Tacaíonn an cistiú sin go mór le forbairt réigiúnach freisin.

Cuirfear **leithdháileadh breise €153 mhilliún** ar fáil don ardoideachas agus don bhreisoideachas agus oiliúint sa bhliain 2020. Tá forbhreathnú tugtha thíos ar an dóigh a leithdháilfear an cistiú breise.

Cistiú le haghaidh bearta nua ardoideachais/breisoideachais agus oiliúna (cistiú breise agus cistiú ath-leithdháilte)	
An Tionscnamh Caipitil Dhaonna	€60m
An toradh breise ón méadú 0.1% i dTobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna sa bhliain 2019	€74m
An leithdháileadh breise ón Státchiste chun freastal ar an déimeagrafaic san ardoideachas	€19m
<i>lomlán</i>	€153m

Tabhair faoi deara: Ní áirítear leis na figiúirí sa tábla seo an cistiú breise €29m a fuarthas ón Státchiste chun freastal ar bhearta um pá agus pinsin a athbhunú

Leithdháileadh an phacáiste cistiúcháin iomláin (cistiú breise agus cistiú ath-leithdháilte)

An Tionscnamh Caipitil Dhaonna	€60m	<p style="font-size: small;">Breisoid-eachas agus Oiliúint 24%</p> <p style="font-size: small;">Skillnet 5%</p> <p style="font-size: small;">Ardoid-eachas 31%</p> <p style="font-size: small;">An Tionscnamh Caipitil Dhaonna 39%</p>
Ardoideachas	€48m (€19m sa bhreis)	
Breisoideachas agus Oiliúint	€37m	
Skillnet Ireland	€8m	

Sa bhliain 2020, seolfar an chéim dheiridh de thrí cinn de mhéaduithe bliantúla +0.1% i dTobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna. Dá bharr sin, meastar go gcrúineofar infheistíocht bhliantúil bhreise €190 milliún tríd an gCiste Náisiúnta Oiliúna i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2017.

Achoimre ar chlár ardoideachais/bhreisoid-eachais agus oiliúna agus ar na haschuir uathu

Úsáidfeadh an leibhéal suntasach infheistíochta seo chun freagairt do bhrúnna déimeagrafacha agus chun buntacú le raon tionscnamh san earnáil ardoideachais agus san earnáil breisoid-eachais agus oiliúna, lena n-áireofar feabhsuithe tábhachtacha ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim. Úsáidfeadh é freisin chun deiseanna feabhsú scileanna a thabhairt do na daoine aonair, na hearnálacha agus na réigiúin sin atá is leochailí i leith an Bhreitheamhachta nó a dteastaíonn scileanna nuashonraithe uathu i saol na hoibre a bhíonn á bhunathrú leis an teicneolaíocht agus leis an uathoibriú.

Forbhreathnú ar an infheistíocht san Ardoideachas agus sa Bhreisoid-eachas agus Oiliúint sna Meastacháin don bhliain 2020

Tionscnamh Caipitil Dhaonna cúig bliana, lena n-áireofar, i measc tionscnaimh eile, 1,500 áit nua bhreise i gcúrsaí tiontú céimithe agus 1,500 áit i gcúrsaí fochéime i réimsí inarb ann do riachtanais le scileanna fiontair.	€60m
Áiteanna breise a sholáthar chun freastal ar an athrú déimeagrafach san ardoideachas	€19m
Forbairt ollscoileanna teicneolaíochta – Tuarascáil TURN (an Líonra Taighde ar Ollscoileanna Teicneolaíochta)	€16m*
Barr feabhais i dTaighde Ardoideachais	€3m

An Tionscnamh um Fholláine san Ardoideachas, fothú acmhainní gníomhaireachta agus forbairt agus athchóiriú straitéiseach institiúidí ardoideachais, lena n-áirítear soláthar ilchamps	€9m
Oiliúint printíseachta a mhéadú chun freastal ar dhaonra printíseach a bhainfidh 20,000 duine amach faoi dheireadh na bliana 2020, agus thart ar 7,000 duine nua á gclárú le linn na bliana	€27m
Skillnet Ireland: 7,000 áit oiliúna sa bhreis a sholáthar faoi scéimeanna atá ann cheana agus Tionscnamh Scileanna Digiteacha agus Scéim um Uas-sciliú Díreach Fiontar Beag agus Meánmhéide a sheoladh	€8m
Foghlaim ar feadh an tsaoil a éascú trí dhaoine atá i bhfostaíocht a uas-sciliú agus trí thacaí a chur ar fáil chun cabhrú le daoine atá ar lorg fostaíochta a uas-sciliú.	€11m
IOMLÁN	€153m

**Forlíonfar é seo le cistiú athdhírthe €14m agus coinneofar é ar bun thar thréimhse thosaigh trí bliana idir 2020 agus 2023 chun Ciste €90m um Ollscoileanna Teicneolaíochta a Bhunathrú chun Feabhais a ghiniúint*

Mar thoradh ar thosú an Tionscnaimh Chaipitil Dhaonna, méadófar an soláthar ar chúrsaí lena bhfreagraítear do riachtanais shainaitheanta scileanna, soláthrófar deiseanna athscilithe agus uas-scilithe, méadófar an soláthar ar chúrsaí fochéime, agus dreasófar athchóiriú agus nuálaíocht leanúnach sa soláthar ardoideachais.

Trí acmhainní a sholáthar ar bhealach spriocdhírthe ar an earnáil ardoideachais, beifear in ann an tírdhreach a athchóiriú agus a athmhúnlú go suntasach tráth bhunú na n-ollscoileanna teicneolaíochta. Ag freagairt do thuarascáil TURN (féach thíos), buntacóidh bunú an Chiste um Ollscoileanna Teicneolaíochta a Bhunathrú chun Feabhais le forbairt leanúnach na hearnála ollscoileanna teicneolaíochta san ardoideachas. Tacófar le barr feabhais i dtaighde ardoideachais trí thionscnamh iomaíoch a mbeidh mar aidhm leis ár n-ollscoileanna a spreagadh forbairt a dhéanamh ar straitéisí barr feabhais i bhfeidhmíocht taighde.

Tá sé beartaithe freisin infheistíocht a dhéanamh in acmhainn ar mhaithe le feabhas a chur ar sheirbhísí folláine mac léinn in institiúidí ardoideachais.

Leanfaidh an infheistíocht le fás láidir a chothú in oiliúint printíseachta agus le feabhas a chur ar chlár scileanna spriocdhírthe a bhfuil mar aidhm leo daoine atá i bhfostaíocht a uas-sciliú agus tacú le hoiliúint cuardaitheoirí poist. Tá achoimre ar na clár leagtha amach sa tábla thuas.

Is ionann an méid sin ar fad agus infheistíocht ollmhór san uaimhian atá ag an Rialtas go mbeadh fórsa saothair solúbtha inoiriúnaithe againn, faoi mar atá leagtha amach sa doiciméad Poist sa Tódhchaí in Éirinn. Bíonn acmhainní á gcur ar fáil don oideachas agus don oiliúint ionas gur féidir freagairt do na dúshlán agus na deiseanna a ghabhann le hathrú teicneolaíoch

agus leis an aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin. Bíonn tacaíocht á tabhairt d'institiúidí freisin chun rannpháirtíocht a mhéadú sa mhargadh saothair, chun cabhrú le fiontair bheaga agus mheánmhéide nuáil agus oiriúnú agus chun tacú le fostóirí agus fostaithe freagairt do na dúshláin a ghabhann leis an mBreatimeacht. Bíonn daoine ag foghlaim ar bhealaí nua, i suíomhanna nua agus ag pointí difriúla dá saol agus dá ngairm. Bíonn ár n-institiúidí foghlama ag tacú leis an tírdhreach foghlama níos solúbtha atá ag teacht chun cinn.

An Tionscnamh Caipitil Dhaonna – Scileanna Tosaíochta Ardoideachais don Gheilleagar

Mar a comhaontaíodh mar chuid den phróiseas meastachán sa bhliain 2019, bunófar an Tionscnamh Caipitil Dhaonna sa Chiste Náisiúnta Oiliúna i mí Eanáir 2020. Beidh an Tionscnamh ina chuid thábhachtach de fhreagairt straitéiseach an Rialtais don Bhreatimeacht agus do dhúshláin eile a mbeidh an geilleagar ag déileáil leo. Sa bhliain 2020, soláthrófar €60 milliún tríd an Tionscnamh Caipitil Dhaonna, rud a chruthóidh 1,500 áit bhreise nua tionaithe céimithe agus 1,500 áit bhreise d'fhochéimithe ar chúrsaí i réimsí a bhfuil riachtanais shainaitheanta scileanna iontu. Anuas air sin, spreagfaidh sé athchóiriú agus nuálaíocht leantach sa soláthar Ardoideachais. Beidh an Tionscnamh Caipitil Dhaonna comhdhéanta de thrí phríomhchólún (mionsonraí ar an gcéad leathanach eile).

An Tionscnamh Caipitil Dhaonna

<u>Colún 1:</u> Cláir Tiontaithe Céimithe	<u>Colún 2:</u> Na hÁiteanna atá ann cheana ar Chúrsaí Fochéime a Mhéadú	<u>Colún 3:</u> Nuálaíocht agus Gastacht
Tairgfidh na cláir seo 1,500 áit sa bhreis ar leibhéal 8 agus leibhéal 9 do chéimithe chun cabhrú le céimithe athsciliú agus speisialtóireacht a dhéanamh i réimsí a bhfuil idir ghanntanas scileanna agus teicneolaíochtaí éiritheacha iontu e.g. TFC, Déantúsaíocht Ardleibhéil, Anailísíocht Sonraí, Róbataic, Inleacht Shaorga.	Cuirfear 1,500 áit bhreise ar fáil i réimsí a bhfuil scileanna sainaitheanta fiontair iontu, lena n-áirítear Eolaíocht, Innealtóireacht, TFC agus cáilíochtaí Foirgníochta Gairmiúla. Cuirfear cistiú ar fáil do na hinstiúidí i leith gach mic léinn bhreise agus beidh sé de bhreis ar an gcroíchistiú deontais ón Údarás um Ard-Oideachas.	Tá dhá phríomhshruth ag an gcolún seo: Sruth Nuálaíochta a bhfuil mar aidhm leis a chinntiú go dtaispeántar modhanna nuálacha teagaisc agus soláthair i réimsí a bhfuil riachtanais scileanna iontu. Sruth Gastachta a chuirfidh ar chumas Institiúidí Ardoideachais agus mac léinn freagairt d'fhorbairtí sa todhchaí san obair, sa teicneolaíocht agus sa tsochaí, ar sruth é a bhfuil mar aidhm leis freagairt d'fhorbairtí sa teicneolaíocht nach féidir iad a fheiceáil fós.

An Ciste um Ollscoileanna Teicneolaíochta a Bhunathrú chun Feabhais

Ag teacht sna sála ar bhunú Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath an 1 Eanáir 2019, is mórghné den chlár oibre athchóirithe san ardoideachas í leanúint leis an tírdhreach ardoideachais a mhúnlú ach tuilleadh ollscoileanna teicneolaíochta a bhunú ar fud na tíre.

Ní ba luaithe i mbliana, bunaíodh grúpa ardleibhéil darb ainm an Líonra Taighde ar Ollscoileanna Teicneolaíochta, nó "TURN", agus ainmníodh cathaoirleach neamhspleách air chun a fhiosrú cén dóigh ar féidir le hOllscoileanna Teicneolaíochta a gcuispóirí earnála agus náisiúnta a chomhlíonadh, mar atá siad leagtha amach i d*Tionscadal Éireann 2040*, i b*Poist sa Todhchaí in Éirinn* agus i gcláir thaighde Fhís. Anuas air sin, scrúdaigh Grúpa TURN na gníomhartha nach mór do na hOllscoileanna Teicneolaíochta nua in Éirinn a dhéanamh chun caighdeáin idirnáisiúnta feidhmíochta agus barr feabhais a bhaint amach.

Tá an tuarascáil uaidh curtha isteach anois ag Grúpa TURN. Leagtar amach inti sraith moltaí le haghaidh gníomhartha agus torthaí a thabharfaidh bonn daingean d'Ollscoileanna Teicneolaíochta chun go mbeidh siad in ann a spriocanna meántéarmacha a chomhlíonadh.

Chun freagairt do thuarascáil TURN, táthar ag bunú Ciste €90m um Ollscoileanna Teicneolaíochta a Bhunathrú chun Feabhais, rud a bheidh ar siúl ar feadh tréimhse trí bliana,

chun tacú le cur chun feidhme na moltaí sin, chun dlús a chur leis an dul chun cinn ar ainmniú mar Ollscoil Teicneolaíochta a fháil agus chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh Ollscoileanna Teicneolaíochta ról lárnach i gcuspóirí forbartha eacnamaíche agus sóisialta a chomhlíonadh ina réigiúin agus i bhfreagairt do na héifeachtaí sonracha éagsúla réigiúnacha agus earnála a meastar go gcruthóidh an Breatimeacht iad.

Infheistíocht a dhéanamh trí Chiste athchóirithe Náisiúnta Oiliúna

Tá an Ciste Náisiúnta Oiliúna ag rannchuidiú go mór le roinnt blianta anuas le foghlaimoirí agus daoine sa mhargadh saothair a ullmhú do shaol na hoibre sa todhchaí. Go dtí seo, tá ag éirí leis an gCiste freagairt d'athruithe sa gheilleagar agus don aistriú sa mhargadh saothair chun tacú leis an mórphobal oibre, chun aghaidh a thabhairt ar an éileamh níos airde ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil de réir mar a mhéadaíonn tionchar na teicneolaíochta agus chun aghaidh a thabhairt ar réimsí a bhfuil ganntanas scileanna agus saothair ag teacht chun cinn iontu. Tá an Ciste Náisiúnta Oiliúna ina chuid ríthábhachtach den fhreagairt i dtírdhreach a bhíonn ag athrú, de réir mar a ullmhaímí don dóigh a rachaidh an Breatimeacht i bhfeidhm ar an ngeilleagar agus ar an bhfostaíocht.

Tháinig méadú ar thobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna ó 0.7% go 1.0% idir an bhliain 2018 agus an bhliain 2020. Chuir sé sin le méadú os cionn **€190 milliún** ar an infheistíocht bhliantúil iomlán sa tréimhse sin. Is féidir an bhreisíocht sin a fheiceáil sna réimsí seo a leanas go háirithe:

- Idir deireadh na bliana 2017 agus deireadh na bliana 2020, tiocfaidh méadú 60%, go geall le 20,000 duine, ar an **daonra printíseach** iomlán.
- Déanfaidh an **clár nua Scileanna ar mhaithe le Dul Chun Cinn de chuid na mBord Oideachais agus Oiliúna** deiseanna uas-scilithe a sholáthar do 8,000 duine san fhórsa saothair faoi dheireadh na bliana 2020.
- Idir an bhliain 2017 agus an bhliain 2020, méadóidh an líon rannpháirtithe i gclár **Skillnet Ireland** faoi níos mó ná 40%, go 69,000 duine.

I mBuiséad 2019, foilsíodh plean cur chun feidhme chun moltaí an athbhreithnithe neamhspleách ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna a sholáthar, mar aon le mionsonraí faoi ghrúpa comhairleach nua don Chomhairle Náisiúnta Scileanna, chun a chinntiú go ndéanfaidh fostóirí eolas do threo straitéiseach an Chiste. Chuir an grúpa comhairleach go mór leis na tosaíochtaí agus na téamaí lenar socraíodh an treo le haghaidh an Chiste Náisiúnta Oiliúna i mBuiséad 2020. Áirítear iad seo leis na príomhréimsí a sainaitníodh:

Printíseachtaí a leathnú tuilleadh

Mar thoradh ar an ngealltanas atá leagtha amach sa *Phlean Gníomhaíochta um Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna a Leathnú 2016-2021* do phrintíseachtaí a fhorbairt, is amhlaidh sa bhliain 2020 go gclárófar 1,800 duine ar phrintíseachtaí nua agus go gclárófar 5,765 dhuine ar phrintíseachtaí a bhí ann roimh an mbliain 2016. Soláthrófar cláir bhreise nua phrintíseachta nua chun cur leis an líon clár atá ar fáil, rud a mhéadaigh faoi dhó, beagnach, le blianta beaga anuas.

Oiliúint agus uas-sciliú faoi stiúir ag fiontair a thabhairt do dhaoine i bhfostaíocht

Ar aon dul leis an mbeartas Rialtais um thacú le huas-sciliú an fhórsa saothair agus ar aon dul leis an ngealltanas chun **clár Scileanna ar mhaithe le Dul Chun Cinn** de chuid na mBord Oideachais agus Oiliúna a chur i bhfeidhm chun spriocdhírú ar fhostaithe reatha nach bhfuil

ach beagán cáilíochtaí foirmiúla acu, soláthrófar cistiú do 3,000 fostaí breise sa réimse seo ach tabhairt faoi thionscnaimh dhírithe lena spriocdhíreofar ar fhostóirí, ar fhostaithe aonair agus ar fhreagairtí earnála agus réigiúnacha trí ghlaio iomaíoch.

Déanfaidh Skillnet Ireland méid suntasach oiliúna agus forbartha sa bhreis a sholáthar mar seo a leanas:-

- méadú breise na **3,700 áit i líonra reatha Skillnet Ireland um chlár oiliúna atá faoi stiúir ag fiontair;**
- **Scéim nua uas-scilithe fiontar beag agus meánmhéide** a spriocdhíreoidh ar 1,200 duine d'úinéirí/de bhainisteoirí sa bhliain 2020 chun cabhrú le freagairt don bhearna táirgiúlachta atá ann san earnáil fiontar beag agus meánmhéide dúchasach.
- An **Tionscnamh Scileanna Digiteacha**, rud a bhfuil mar rún aige 2,150 áit oiliúna a sholáthar do níos mó ná 900 cuideachta sa bhliain 2020 chun cabhrú le cuspóirí *Scileanna Teicneolaíochta 2022 – Tríú Plean Gníomhaíochta maidir le Scileanna TFC na hÉireann* a bhaint amach.
- Soláthrófar cistiú méadaithe chun tacú leis an líonra naoi bh**Fóram Réigiúnacha Scileanna** mar shásra inar féidir le Fostaithe agus leis an gcóras breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna obair le chéile chun riachtanais scileanna a réigiún faoi seach a shainaithe agus a fhorbairt trí theagmháil inbhuanaithe leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir.

Uas-sciliú do na daoine sin atá ag ullmhú don fhostaíocht, lena n-áirítear ardoideachas agus foghlaim ar feadh an tsaol

Soláthrófar cistí breise do SOLAS chun **tacaí spriocdhírithe d'fhoghlaim** a chur chun feidhme ar fud raon leathan clár chun freastal ar na riachtanais atá ag raon éagsúil foghlaimoirí trí fhoghlaim le cuidiú teicneolaíochta, trí thacaí luath-idirghabhála agus trí thacaí do dhaoine faoi mhíchumas.

Bainfear leas as an gCiste Náisiúnta Oiliúna chun tacú le clár bhreise scileanna atá gar don mhargadh saothair i réimsí a bhfuil riachtanais shainaitheanta scileanna iontu agus tabharfar tacaíocht don ardoideachas atá dírithe ar an bhfiontraíocht.

Athruithe sa soláthar don Chiste Náisiúnta Oiliúna	Athruithe sa bhliain 2020
Soláthairtí áirithe Ardoideachais lena mbaineann ábharthacht a aistriú ón Vóta chuig an gCiste Náisiúnta Oiliúna	€28.2m
Caiteachas Breise ar Phrintíseachtaí agus ar Chúrsaí Oiliúna	€27.1m
Caiteachas Breise ar Skillnet Ireland	€7.9m
Clár Forbartha Fostaithe na mBord Oideachais agus Oiliúna – Scileanna ar mhaithe le Dul Chun Cinn	€6.3m
Caiteachas Breise ar thacaí d'fhoghlaim	€3.9m
Méaduithe eile	€0.6m
Iomlán	€74m

Infheistíocht chaipitil

Tionscadal Éireann 2040



Soláthraítear le Tionscadal Éireann 2040 d'infheistíocht €11.9 billiún a dhéanamh san earnáil oideachais agus oiliúna idir 2018 agus 2027. A bhfuil leis an leibhéal cistiúcháin sin, beifear in ann infheistíocht a dhéanamh i saoráidí nua-aimseartha úrscothacha inár scoileanna, inár n-institiúidí ardoideachais agus inár n-institiúidí breisoideachais agus oiliúna agus imreofar tionchar bunathraitheach chun feabhais ar an gcóras oideachais.

An leithdháileadh caipitil don bhliain 2020

Is é €922m an leithdháileadh caipitil ar an Roinn don bhliain 2020.

Infheistíocht a dhéanamh i scoileanna

Mar thoradh ar an leithdháileadh ar scoileanna don bhliain 2020, tacófar le thart ar 60 tionscadal nua a thabhairt chuig céim na tógála sa bhliain 2020. Beidh siad sin sa raon idir tionscadail a mbeidh costas €1m ag baint leo agus tionscadail a mbeidh costas os cionn €20m ag baint leo agus soláthrófar níos mó ná 30,000 áit scoile (áiteanna buana breise agus athsholáthair) dá mbarr. Tá sé sin de bhreis ar na tionscadail atá i gcéim na tógála faoi láthair agus a chuirfear ar aghaidh le linn na bliana 2020. Tá níos mó ná 40 tionscadal den sórt sin ar siúl, agus iad sa raon idir tionscadail a bhfuil costas €1m ag baint leo agus tionscadail a bhfuil costas os cionn €20m ag baint leo, agus soláthrófar suas le 25,000 áit scoile (áiteanna buana breise agus athsholáthair) dá mbarr.


Cumasóidh an leithdháileadh caipitil dúinn freisin tionscadail níos lú a sholáthar, láithreacha a áirithiú faoin gclár um cheannach láithreacha agus tabhairt faoi na hoibreacha a theastaíonn do na scoileanna sin atá ar áireamh sa Chlár Leasúcháin Scoile.

Infheistíocht a dhéanamh san ardoideachas, sa bhreisoideachas agus i dtaighde

Áirítear leis an leithdháileadh iomlán don bhliain 2020, an leithdháileadh ó chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí san áireamh, cistiú €174m don earnáil ardoideachais, don earnáil breisoideachais agus oiliúna agus don earnáil taighde. Tacóidh sé sin le hinfeistíochtaí bonneagair a mbeidh mar aidhm leo méadú a dhéanamh ar an líon áiteanna do mhic léinn agus an bonneagar atá ann cheana a uasghrádú. Cisteoidh an Státhiste 12 tionscadal ardoideachais a bheidh i gcéim na tógála sa bhliain 2020. Cisteoidh an leithdháileadh freisin Clár Laureate na Comhairle um Thaighde in Éirinn agus na dámhachtainí ón gComhairle do thaighdeoirí iarchéime agus iardhochtúireachta.

Bearta pá san earnáil oideachais

Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí agus comhaontuithe eile pá
Ag eascairt as Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí, leithdháileadh cistiú caiteachais €143m chun soláthar a dhéanamh do leasuithe ar rátaí pá agus pinsin.



Pá

- An 1 Aibreán 2019: athbhunófar an tríú deireanach de thuarastail os cionn €110k – beidh impleachtaí aige sin don tsuim a thabharfar anonn chuig an mbliain 2020
- An 1 Meán Fómhair 2019: déanfar tuarastail bhliantúlaithe a mhéadú faoi 1.75% – beidh impleachtaí aige sin don tsuim a thabharfar anonn chuig an mbliain 2020
- An 1 Eanáir 2020: déanfar tuarastail bhliantúlaithe ar fiú suas le €32,000 iad a mhéadú faoi 0.5%
- An 1 Deireadh Fómhair 2020: déanfar tuarastail bhliantúlaithe a mhéadú faoi 2%.

Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais

- Méadófar an díolúine ó ranníocaíochtaí a dhéanamh go dtí an chéad €34,500 den tuarastal an 1 Eanáir 2020
- Laghdófar rátaí ranníocaíochta do bhail den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair

Beidh impleachtaí costais ag comhaontuithe eile pá do Vóta na Roinne Oideachais agus Scileanna sa bhliain 2020

- Comhaontú Iontrálaithe Nua faoi Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí

- Faoin Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017, athbhunófar liúntais áirithe a gearradh leis an reachtaíocht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail
- Déanfar an Laghdú Pinsin Seirbhíse Poiblí a aisiompú go páirteach



**An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills**